AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0029/2012**

## Chuig Boird Bhainistíochta/Coistí Gairmoideachais agus Príomhoidí Bhunscoileanna

## Riachtanais Phromhaidh do Chúiseanna Clárúcháin d'Oidí Bunscoile

**RÉAMHRÁ**

### 1. Cuspóir na himlitreach seo

Tugann an imlitir seo cur síos ar na coinníollacha a rialaíonn an próiseas promhaidh d'oidí bunscoile. Beidh forálacha na himlitreach seo i bhfeidhm go dtí go n-aistreofar na dualgais chun gnásanna agus critéir d'ionduchtú agus promhadh oidí bunscoile a bhunú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta le linn na scoilbhliana 2012/2013. Ina theannta sin, fanfaidh na coinníollacha a luaitear san imlitir i bhfeidhm, i ndiaidh aistriú na ndualgas chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, go dtí deireadh na scoilbhliana.

Tagann an imlitir seo in ionad na hImlitreach 0047/2011 a tharraingítear siar leis seo. Déan cinnte, led' thoil, go gcuirtear cóipeanna den imlitir seo ar fáil do bhaill uilig an Bhoird Bhainistíochta/an Choiste Gairmoideachais agus go dtarraingítear aird na n-oidí ar promhadh uilig atá fostaithe agat, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na himlitreach seo. Is féidir teacht ar an imlitir ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.

### 2. An tábhacht atá le forbairt agus cleachtadh gairmiúil iarcháiliúcháin

Am ríthábhachtach i bhforbairt ghairmiúil oide is ea an t-aistriú ón gclár oiliúna tosaigh d'oidí chuig obair mar oide ar scoil. I rith an ama seo, forbraíonn agus scagann oidí a scileanna teagaisc i suíomhanna scoile, leanann siad dá bhforbairt ghairmiúil a thosaigh i rith na hoiliúna múinteoirí tosaigh agus a leanfaidh ar aghaidh le linn a ngairmeacha, agus déantar comhaltaí aitheanta de ghairm na múinteoireachta díobh. Tréimhse is ea í ina bhfoghlaimíonn siad trí obair i gcomhair le comhghleacaithe agus faoi stiúir phríomhoide na scoile. Chun tacú le hoidí aistriú rathúil a dhéanamh ó oiliúint múinteoirí tosaigh chuig obair ar scoile, bunóidh an tAire Oideachais agus Scileanna Clár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí i Meán Fómhair 2010.

### 3. Clár ábhair na himlitreach seo

San imlitir seo

- Tagraítear dos na riachtanais go gcaithfear oidí a bheith cáilithe agus cláraithe agus tugtar cur síos ar an gcaoi inar féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta oidí a chlárú le coinníollacha, coinníollacha promhaidh san áireamh (míreanna 4-6)
- Tugtar sonraí den Chlár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí (*NIPT*) a cruthaíodh chun tacaíocht agus comhairle a chur ar oidí nuacháilithe agus oidí eile atá ag gabháil don phróiseas promhaidh (mír 7)
- Tugtar cur síos ar an bpróiseas promhaidh a chaithfidh oidí a chur i gcrích go sásúil má tá siad le clárúchán iomlán ("clárúchán gan coinníollacha") de chuid na Comhairle Múinteoireachta a bhaint amach (míreanna 8-12)

- Tugtar cur síos ar an riachtanas seirbhíse atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta d'fhonn riachtanas iomlán ag an gComhairle a bhaint amach.

- Tugtar cur síos ar na gnásanna don mheasúnacht ar chumas gairmiúil oidí ar promhadh a bheidh á cur i bhfeidhm ag Cigireacht na Roinne chun bunús a thabhairt do chinntí na Comhairle Múinteoireachta maidir le hoidí bunscoile a chlárú (míreanna 11-12)
- Leagtar amach na socruithe do chigireacht fhorlíontach atá i bhfeidhm nuair a bhogtar oide ar promhadh i suíomh teoranta chuig suíomh príomhshrutha (mír 13)
- Leagtar amach na socruithe d'oidí nach bhfuil an Riachtanas Gaeilge comhlíonta acu go fóill (mír 14)
- Tarraingítear aird oidí agus oidí faoi oiliúint ionchasacha ar leasuithe maidir le haitheantas na Comhairle Múinteoireachta ar cháilíochtaí oide a fhaightear i dtír eile de chuid an AE/LEE nuair a thosaítear an cúrsa a mbronntar an cháilíocht dá thoradh ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh (mír 15).

## CUID A: CLÁRÚCHÁN OIDÍ AG AN GCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

### 4. Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta do chlárúchán oidí

4.1. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-eagras le freagracht reachtúil as clárúchán oidí in Éirinn. Cláraíonn an Chomhairle oidí faoi réir Rialachán na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009. Is féidir cóip de na rialacháin seo agus sonraí iomlána ar an gcaoi inar féidir le hoidí nuacháilithe agus oidí eile iarratas ar chlárúchán a dhéanamh leis an gComhairle a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, www.teachingcouncil.ie.

4.2. I gcoitinne, bíonn oide atá cláraithe faoi Rialachán 2 (Bunscoil) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 incháilithe ar cheapachán mar oide sna suíomhanna príomhshrutha uilig agus sna suíomhanna oideachais speisialta uilig i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta aitheanta. Féadfaidh oide atá cláraithe faoi Rialachán 3 (Montessori agus Catagóirí Eile) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 a bheith incháilithe ar cheapachán mar oide i suíomhanna teoranta amháin, .i. i gcatagóirí áirithe de scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha áit nach bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas curaclaim, agus mar Mhúinteoir Acmhainne do dhaltaí le míchumais íosmhinicíochta (mar a léirítear in Imlitir Sp Ed 02/05 agus in Imlitir Sp Ed 36/2006). Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna incháilitheacht oide do cheapachán chuig poist áirithe i scoileanna aitheanta a athrú ó am go ham.

4.3. Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna incháilitheacht oide do cheapachán chuig poist áirithe i scoileanna aitheanta a athrú ó am go ham. Is féidir teacht ar shonraí maidir le riachtanais reatha cáilíochta agus clárúcháin ag http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Employing-a-Teacher/Teacher-Recruitment-Registration-and-Qualifications.html.

### 5. Clárúchán le coinníollacha

5.1. Cláraíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta oidí bunscoile nuacháilithe a bhfuil a gcuid oideachais múinteoirí tosaigh curtha i gcrích acu sa Stát nuair a chríochnaíonn siad an próiseas clárúcháin. Cláraítear iad ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad riachtanais phromhaidh go sásúil agus, ó Iúil 2012 ar aghaidh, go gcríochnaíonn siad clár ceardlainne ionduchtaithe. Dearbhaítear clárúchán iomlán nuair atá próiseas promhaidh críochnaithe go sásúil ag oidí bunscoile nuacháilithe agus nuair atá gach coinníoll eile sásaithe acu, mar atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

5.2. Ina theannta sin, déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an chuid is mó d'oidí bunscoile cáilithe a bhfuil a gcuid oideachais múinteoirí tosaigh agus ionduchtú curtha i gcrích acu lasmuigh den Stát a chlárú le coinníollacha nuair atá an próiseas mheastóireachta cáilíochtaí críochnaithe. Féadfaidh na coinníollacha seo a bheith ag baint le heasnaimh i gcáilíochtaí a réiteach, riachtanas Gaeilge a shásamh agus próiseas

promhaidh a chríochnú go sásúil agus, ó Iúil 2012 ar aghaidh, clár ceardlainne ionduchtaithe a chríochnú.

5.3. Is féidir sonraí iomlána ar *chlárúchán le coinníollacha* a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.
http://www.teachingcouncil.ie/registration/applying-to-register.195.html.

**6. Teorainneacha ama ar chlárúchán le coinníollacha**

6.1. Faoi réir fhorálacha an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ordaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta an tréimhse ina chaithfear na coinníollacha a ghabhann le clárúchán a shásamh. Má theiptear ar na coinníollacha a chuireann an Chomhairle ar chlárúchán go sásúil agus laistigh den teorainn ama ordaithe d'fhéadfadh clárúchán an oide dul as feidhm mar thoradh ar na coinníollacha a chuireann an Chomhairle ar chlárúchán agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann dá c(h)uid incháilitheachta d'fhostaíocht i scoil.

6.2. Tá éagsúlacht sna teorainneacha ama a leagann an Chomhairle Mhúinteoireachta síos inar féidir le hoide na coinníollacha a ghabhann lena c(h)lárú a shásamh, ag brath ar na coinníollacha atá le sásamh:
- Tá clárúchán le coinníoll an phromhaidh amháin bailí ar feadh tréimhse trí bliana ó dáta an chéad clárúcháin
- Tá clárúchán le coinníollacha nach coinníollacha promhaidh iad (mar shampla, coinníollacha a bhaineann le heasnaimh i gcáilíochtaí a réiteach) bailí ar feadh tréimhse trí bliana ó dáta an chéad clárúcháin
- Nuair a chláraítear oidí le coinníollacha promhaidh agus coinníollacha a bhaineann le heasnaimh cáilíochta araon (mar shampla, easnaimh maidir le riachtanas an Gaeilge agus easnaimh sna cáilíochtaí), ceadaítear dhá thréimhse trí bliana as a chéile
- Ní mór gach coinníoll neamh-phromhaidh, ach amháin ionduchtú, a chomhlíonadh sula dtosaíonn an tréimhse phromhaidh. Áiríonn sé seo an tréimhse trí seachtaine sa Ghaeltacht.
- Tosaíonn an tréimhse trí bliana a cheadaítear chun aghaidh a thabhairt ar choinníollacha promhaidh ar an lá i ndiaidh an dáta ar a shásaítear na riachtanais neamh-phromhaidh.

6.3. Maidir le hoidí cláraithe a bhí fostaithe i bpoist a aithnítear do chúiseanna promhaidh agus a bhí cláraithe roimh 1 Meán Fómhair 2010 agus nach raibh a dtréimhse phromhaidh imithe in éag faoin dáta sin, beidh go dtí 31 Lúnasa 2015 acu chun an riachtanas promhaidh a shásamh.

## CUID B: AN CLÁR IONDUCHTAITHE NÁISIÚNTA D'OIDÍ BUNSCOILE NUACHÁILITHE

**7. Tacaíocht ionduchtaithe**

7.1. Aithníonn an tAire Oideachais agus Scileanna an tábhacht atá leis an aistriú ón chlár oiliúna tosaigh d'oidí chuig obair mar oide ar scoil agus mar sin tacaíonn sé le soláthar, trí Líonra na n-Ionad Oideachais, an Chláir Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí..

7.2. Ag tógáil ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a forbraíodh le linn na céime tosaigh san oiliúint múinteoirí, cuireann an Clár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí tacaíocht agus comhairle ghairmiúil ar fáil d'oidí nuacháilithe. Clúdaíonn an clár ceardlainne réimsí ar nós bainistíocht agus eagraíocht seomra ranga, obair mar ghairmeoir, pleanáil agus ullmhú oibre, measúnú, an litearthacht agus an uimhearthacht a theagasc, straitéisí praiticiúla do theagasc na Gaeilge, idirdhealú, bainistiú iompraíochta agus cleachtas cuimsitheach, Cuireann an NIPT tacaíocht bhreise ar fáil, lena n-áirítear meantóireacht, grúpaí tacaíochta gairme, cuairteanna scoile agus tacaíocht ar líne. Soláthraítear an clár ionduchtaithe ar mhodhanna éagsúla (ceardlanna, seimineáir,

tacaíocht ar líne agus grúpaí tacaíochta gairme san áireamh). Cuireann an clár ionduchtaithe leis an tacaíocht, comhairle agus deiseanna do bhreathnú oidí agus aiseolas a chuireann príomhoidí agus oidí eile ar fáil d'oidí nuacháilithe ina scoileanna. Mar aitheantas ar thábhacht an chontanaim san oiliúint múinteoirí, cinntíonn an Clár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí go mbíonn dlúthchaidreamh ann le hoiliúnóirí múinteoirí sna coláistí oiliúna agus sna hollscoileanna.

7.3. Beidh sé mar riachtanas don chlárúchán ar na hoidí nuacháilithe uile a chríochnaíonn a gcáilíocht oideachais múinteoirí i 2012 agus ina dhiaidh páirt a ghlacadh i gclár de cheardlanna ionduchtaithe. Ina theannta sin, tá iallach ar oidí eile a dhéanann iarratas ar chlárúchán ó 02 Iúil 2012 faoi Rialachán 2 (Bunscoil), Rialachán 3 (Montessori agus catagóirí eile) agus Rialachán 4 (iar-bhunscoil lena n-áirítear Coistí Gairmoideachais) clár na gceardlann ionduchtaithe a chríochnú ar an gcoinníoll nach bhfuil na nithe seo déanta acu cheana

- riachtanais na Fostaíochta Iar-Cháilíúcháin a shásamh (*PQE*) (iar-bhunscoil)
- riachtanais an Phromhaidh a shásamh (bunscoil)
- clár ionduchtaithe curtha i gcrích i ndlínse eile

Tá sonraí breise ar chlár ceardlainne NIPT ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí, www.teacherinduction.ie. Beidh na ceardlanna NIPT á n-óstáil trí Líonra na nIonad Oideachais. Tá sonraí ar shuíomh na nIonad Oideachais lánaimseartha ar fáil ar www.ateci.ie

7.4. Beidh ar oidí nuacháilithe freastal ar an 12 cheardlann uile laistigh de thrí bliana ó dháta a gclárúcháin tosaigh. Nuair atá an dá cheardlann déag críochnaithe, mar atá deimhnithe ag na hIonaid Oideachais agus curtha in iúl don Chomhairle, bainfear an choinníoll ábhartha ó stádas clárúcháin an oide.

**CUID C: AN PRÓISEAS PROMHAIDH D'OIDÍ BUNSCOILE**

**8. An próiseas promhaidh d'oidí le clárúchán coinníollach**

8.1. Tá dhá eilimint sa phróiseas promhaidh a chaithfidh oidí a chríochnú go sásúil má tá siad le coinníollacha a gclárúcháin ag an gComhairle Mhúinteoireachta a shásamh. Chun an próiseas a chríochnú go sásúil, ní mór don oide

- Tréimhse de sheirbhís shásúil i scoil a chríochnú (an riachtanas um "sheirbhís")

**agus**

- A c(h)uid inniúlachta gairmiúla a léiriú i suíomh scoile (an riachtanas um "inniúlacht ghairmiúil").

**9. An próiseas promhaidh a thosú**

9.1. Tá oide atá cláraithe go coinníollach leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus nach mbaineann a c(h)oinníollacha a fhanann ach le promhadh agus le hionduchtú, i dteideal láithreach ar thús a chur leis an riachtanas promhaidh a chomhlíonadh i bpost múinteoireachta atá aitheanta do chúiseanna promhaidh i mbunscoil. Ní mór na coinníollacha clárúcháin eile ar fad, ach amháin freastal ar chlár na gceardlann ionduchtaithe, nuair atá na riachtanas sin ann, a bheith sásaithe go hiomlán agus deimhnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta sula ndéantar iarratas ar ghabháil do phróiseas an phromhaidh.

9.2. Ní mór d'oide atá cláraithe nó a bhfuil iarratas déanta aige/aici ar chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a gcaithfear a c(h)uid incháilitheachta gairmiúla a mheas chun riachtanais phromhaidh na Comhairle a shásamh, iarratas a dhéanamh ar chigireacht chuig Ionad Oideachais Luimnigh (a riarann sonraí ar oidí ar promhadh ar son

Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna) ag baint úsáide as foirm OP1 atá ar fáil ar www.lec.ie. Ní ghlacfar le hiarratais ach ó oidí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus nach bhfanann mar choinníoll le comhlíonadh acu ach promhadh agus freastal ar chlár náisiúnta na gceardlann ionduchtaithe, nuair atá an riachtanas seo ann. Ní féidir iarratais a dhéanamh ach go leictreonach amháin agus caithfear iad a dhéanamh a luaithe agus a thosaíonn an t-oide seirbhís i bpost a mhairfidh do thréimhse 50 lá scoile as a chéile ar a laghad agus atá aitheanta do chúiseanna promhaidh. Déantar gach iarracht a chinntiú go ndéanfar cigireacht sa scoilbhliain sin ar na hoidí incháilithe uilig a dhéanann iarratas ar chigireacht.

## 10. Riachtanais seirbhíse do phromhadh

10.1. I bhfianaise líon na n-oidí nuacháilithe a meastar a bheidh ag dul isteach i ngairm na múinteoireachta sa scoilbhliain 2012-13 agus líon na bpost múinteoireachta a meastar a bheidh ar fáil, tá sé beartaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta go bhfanfaidh an riachtanas íosta seirbhíse do chúiseanna promhaidh mar a bhí sa bhliain 2011-12. Faoin riachtanas seo, ní mór d’oide ar promhadh 100 lá scoile ar a laghad a chur i gcrích ón dáta ar a ceapadh ar dtús é/í chuig post atá aitheanta do chúiseanna promhaidh i mbunscoil. Ní mór don tseirbhís seo a bheith ann i ndiaidh do cháilíocht múinteoireachta a bheith curtha i gcrích go rathúil agus ní mór dhá thréimhse de 50 lá scoile as a chéile a bheith ann nó tréimhse amháin de 100 lá scoile as a chéile, ina ndéanfaidh an Chigireacht inniúlacht ghairmiúil an oide a mheas. Ní mór don tseirbhís seo a bheith críochnaithe laistigh d’uasmhéid de thrí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh nó, más cuí, ón dáta ar a shásaítear coinníollacha eile. (Féach mír 6 thuas).

10.2. Bainfidh na riachtanais seirbhíse (100 lá) leis na hoidí neamh-phrofa uile a bhfuil teagasc tosaithe acu roimh an scoilbhliain 2012-13

10.3. Mar riail ghinearálta, is féidir seirbhís i bpost múinteoireachta buan, sealadach nó mar ionadaí i mbunscoil a mheas do chúiseanna promhaidh, faoi réir na gcoinníollacha sna hailt thíos. Féadfaidh an tseirbhís seo a bheith i suíomh príomhshrutha, ranga speisialta nó scoile speisialta nó i bpost mar mhúinteoir acmhainne lánaimseartha (míchumais íosmhinicíochta)

10.4. Tá sé de fhreagracht ar an oide ar promhadh fianaise scríofa ar a c(h)uid seirbhíse a fháil ó bhainistíocht na scoile nó na scoileanna fostaíochta agus an taifead seo a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta d’fhonn an Chomhairle a shásamh maidir le cur i gcrích an riachtanais seirbhíse. (Féach Foirm C ar www.teachingcouncil.ie.)

10.5. I gcás oidí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh 1 Meán Fómhair 2010 agus a mb’fhéidir a mbeidh fianaise ar a gcuid seirbhíse go dtí seo de dhíth orthu chun a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta d’fhonn an Chomhairle a shásamh maidir le cur i gcrích an riachtanais seirbhíse, tabharfaidh an Roinn taifead ar a gcuid seirbhíse go dtí 31 Lúnasa 2010 chuig na hoidí seo agus is féidir é seo a chuir faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta in éineacht le Foirm C.

## 11. Riachtanais inniúlachta gairmiúla: Cuairteanna cigireachta agus tuairiscí

### Measúnacht ar inniúlacht ghairmiúil

11.1. Go dtí go mbíonn feidhmiú an phróisis phromhaidh go díreach faoi choimirce na Comhairle Múinteoireachta mar a luaitear i mír 1 thuas, leanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, ar iarratas ón gComhairle Mhúinteoireachta, den mheasúnacht ar inniúlacht ghairmiúil oidí mar bhunús le cinntí na Comhairle Múinteoireachta maidir le clárúchán iomlán nó coinníollach oidí bunscoile..

11.2. Tá ar an oide páirt a ghlacadh sa Chlár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí (mar a léirítear i mír 7 thuas). Gheobhaidh oidí ar promhadh freisin an cúnamh agus an chomhairle a chuireann príomhoidí agus oidí eile ar fáil d’oidí nuacheaptha.

11.3. Scrúdóidh an Chigireacht obair an oide le linn dhá chuairt nach bhfógrófar roimh réidh. Féadfaidh na cuairteanna seo a bheith ann ag am ar bith le linn na scoilbhliana agus i gcoitinne mairfidh na cuairteanna seo thart ar leathlae scoile. I rith na gcuairteanna cigireachta, déanfaidh an cigire measúnacht ar éifeacht an oide i dtimpeallacht an tseomra ranga agus ar mhúineadh réimsí agus ábhair an churaclaim mar a léirítear i gCuraclam na Bunscoile iad. Tabharfaidh an cigire comhairle agus aiseolas ó bhéal chuig an oide le linn gach cuairte freisin. Is inmhianaithe go mbeidh an príomhoide (nó oide eile atá cláraithe go hiomlán a ainmníonn an príomhoide) i láthair nuair a thugtar an t-aiseolas ó bhéal chuig an oide nuacháilithe. Níl an mheastóireacht ar inniúlacht ghairmiúil i gcrích go dtí go mbíonn an dara chuairt cigireachta déanta. Tugtar na critéir a úsáidtear sa mheasúnacht ar obair an oide sa liosta in Aguisín A.

11.4. Agus an dá chuairt cigireachta déanta, cinnfidh an Chigireacht ar an rátáil atá le cur ar obair an oide mar seo a leanas:

(a) **“Inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe i suíomh príomhshrutha.”** Léiríonn an rátáil seo go bhfuil scileanna múinteoireachta sásúla léirithe ag an oide i ranganna príomhshrutha

nó

(b) **“Inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe i suíomh teoranta”** Léiríonn an rátáil seo go bhfuil scileanna múinteoireachta sásúla léirithe ag an oide i suíomh teoranta (féach 4.2 thuas)

nó

(c) **“Tréimhse bhreise de dhíth chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú.”** De ghnáth ní féidir an rátáil seo a úsáid ach aon uair amháin, i ndiaidh an dá chuairt cigireachta (sa chéad bhliain seirbhíse de ghnáth), áit is féidir leis an gcigire a mholadh go bhfuil tuilleadh ama de dhíth ar an oide chun a c(h)uid scileanna múinteoireachta a fhorbairt agus a léiriú. Féadfaidh sé seo tarlúint toisc go measann an cigire go bhfuil laigí suntasacha in obair an oide agus go bhfuil am breise de dhíth air/uirthi chun scileanna cuí a fhorbairt

nó

(d) **“Nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe.”** Léiríonn an rátáil seo go measann an cigire nach bhfuil scileanna múinteoireachta sásúla léirithe ag an oide sa suíomh ina bhfuil measúnacht déanta ar a c(h)uid oibre.

**Tuairiscí ag éirí as measúnacht ar inniúlacht oide**

11.5. Cuirfidh an Chigireacht deimhniú scríofa ar fáil don oide (le r-phost) go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige/aici i suíomh príomhshrutha nó i suíomh teoranta. Nuair a bhí an dara chuairt cigireachta i suíomh príomhshrutha, tabharfaidh an Chigireacht deimhniú scríofa don oide go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige/aici i suíomh príomhshrutha. Nuair a bhí an dara chuairt cigireachta i suíomh teoranta tabharfaidh an Chigireacht deimhniú scríofa don oide go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige/aici i suíomh teoranta (féach 4.2 thuas)

11.6. Tá sé de fhreagracht ar an oide ar promhadh an deimhniú scríofa seo a chur faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta chun an Chomhairle a shásamh maidir le comhlíonadh an riachtanais cumais (Féach Foirm C ar www.teachingcouncil.ie. ).

11.7. I gcás oidí a bhfuil rátáil “Tréimhse bhreise de dhíth chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú” nó “Nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe” ar a gcuid oibre, tabharfaidh an Chigireacht tuairisc cigireachta scríofa don oide a léiríonn torthaí na

measúnachta agus a chláraíonn an chomhairle d'fhorbairt bhreise. Cuirfear ainmneacha agus sonraí aitheantais riachtanacha eile na n-oidí a n-eiseofar tuairiscí dá leithéid dóibh ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta.

11.8. Nuair a shínítear an tréimhse phromhaidh níos faide ná na gnáthriachtanais seirbhíse mar a léirítear i mír 11.4(c) thuas, tá sé de fhreagracht ar an oide na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an próiseas promhaidh a chur i gcrích láithreach ar sheirbhís ináirithe a thosú i scoil sa scoilbhliain dár gcionn. Ní féidir le hoidí dá leithéid iarratas a dhéanamh ar thríú cuairt cigireachta laistigh den scoilbhliain chéanna.

11.9. Nuair a mheasann an cigire "Nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe" ag an oide mar a léirítear i mír 11.4(d) thuas, tá sé de fhreagracht ar an oide na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an próiseas promhaidh a chur i gcrích láithreach ar sheirbhís a thosú i scoil sa scoilbhliain dár gcionn. Ní mór don oide tréimhse seirbhíse bhreise nach lú ná dhá thréimhse de 50 lá scoile as a chéile a dhéanamh, gach ceann díobh leis an rang céanna, agus déantar inniúlacht ghairmiúil an oide a mheas le linn na dtréimhsí sin.

11.10. Ó tharla nach n-eisítear tuairisc scríofa chuig an oide ar promhadh i ndiaidh na measúnachta ar a c(h)uid inniúlachta gairme, ní féidir cóipeanna de thuairiscí cigireachta faoi shocruithe promhaidh roimhe seo nó deimhniú scríofa ar inniúlacht gairme nó tuairiscí cigireachta faoi shocruithe promhaidh reatha a bheith i measc na gcáipéisí tacaíochta a lorgófar agus cuireadh á thabhairt d'iarratais ar phoist múinteoireachta i mbunscoileanna aitheanta.

11.11. Féadfaidh oide athbhreithniú ar an gcigireacht a lorg faoi réir Ghnásanna d'Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus Oidí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais (1998)

## 12. An próiseas promhaidh a chríochnú

12.1. Tá críochnú an phromhaidh faoi réir riachtanas seirbhíse agus inniúlachta gairme araon. Ní mór don oide an Chomhairle Mhúinteoireachta a shásamh maidir lena c(h)omhlíonadh ar an dá riachtanas agus is faoin gComhairle atá cinntí maidir le clárú an oide. Críochnaíonn an tréimhse phromhaidh nuair atá an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go bhfuil an riachtanas um sheirbhís agus an riachtanas um inniúlacht ghairmiúil araon comhlíonta go hiomlán. Tabharfaidh an Chomhairle deimhniú don oide maidir lena c(h)lárú coinníollach nó clárú iomlán mar oide.

12.2. Má theiptear ar na coinníollacha a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta ar chlárúchán go sásúil agus laistigh den teorainn ama ordaithe d'fhéadfadh clárúchán an oide dul as feidhm agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann dá c(h)uid incháilitheachta d'fhostaíocht i scoil.

## 13. Oidí ag bogadh ó shuíomhanna teoranta go suíomhanna príomhshrutha

13.1. Ní mór d'oidí a bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil i suíomh teoranta léirithe acu agus atá incháilithe ar obair i suíomhanna seomra ranga príomhshrutha a gcuid inniúlachta gairmiúla i suíomhanna dá leithéid a léiriú laistigh de dhá bhliain ó phost i seomra ranga príomhshrutha a thógáil.

13.2. Nuair a ghlacann oide a bhfuil promhadh déanta air/uirthi i suíomh teoranta le post i seomra rang príomhshrutha, ní mór don oide eolas a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta faoin dáta ar a bhfuil an post seo glactha aige/aici sa chaoi is go mbeidh an Chomhairle in ann tréimhse chuí dhá bhliain a cheadú leis an gcoinníoll seo a shásamh. Ba chóir d'oidí dá leithéid iarratas a dhéanamh ar chuairt cigireachta bhreise ag baint úsáide as foirm OP1 nuair atá post i suíomh príomhshrutha do 50 lá as a chéile ar a laghad glactha acu. Déanfaidh an Chigireacht an chigireacht bhreise ar obair oidí sa

chatagóir seo, de ghnáth mar thoradh ar chuairt aonair gan fógra, agus díreofar ar aon scileanna gairmiúla a d'fhéadfaí nach mbeidh measúnacht déanta orthu sa suíomh teoranta. Cuirfidh an Chigireacht an t-oide agus an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas faoin toradh faoi réir na rátálacha a luaitear ag 11.4 (a), (c) nó (d) thuas.

13.3. Measfar go mbeidh múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán 2 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009, a chomhlíonann an riachtanas inniúlachta gairmiúla go sásúil i dteaglaim de shuíomhanna príomhshrutha agus teoranta, profa sa suíomh inar tharla an **dara** cuairt cigireachta (féach 11.5 thuas).

## CUID D: ATHRUITHE EILE AR AN BPRÓISEAS PROMHAIDH DO CHÚISEANNA CLÁRÚCHÁIN

### 14. An riachtanas Gaeilge agus measúnacht ar inniúlacht chun Gaeilge a theagasc

14.1. Tá sé de choinníoll ar chlárúchán faoi Rialachán 2 (Bunscoil) de na Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 go bhfuil riachtanas Gaeilge na Comhairle Múinteoireachta sásaithe ag an oide. Má chaithfidh oidí an Chomhairle Mhúinteoireachta a shásamh go bhfuil cumas orthu an Ghaeilge a mhúineadh (ar nós na ndaoine a rinne a gcuid oiliúna múinteoirí tosaigh lasmuigh den Stát), déanann siad é seo trí thriail inniúlachta nó tréimhse oiriúnaithe a dhéanamh, a dhéanann tástáil ar chumas an oide chun Gaeilge a mhúineadh i suíomhanna seomra ranga. Tá sonraí iomlána ar fáil ar www.ilrweb.ie.

14.2. Roimh 1 Meán Fómhair 2010, bhí ar oidí a raibh an Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) nó an tOiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG) curtha i gcrích acu a gcuid inniúlachta gairmiúla i múineadh na Gaeilge i suíomh seomra ranga a léiriú. Bhí ar na hoidí seo tuairisc chigireachta breise shásúil a fháil ar a gcuid inniúlachta i múineadh na Gaeilge (Ráiteas) laistigh de dhá bhliain ó phost príomhshrutha a ghlacadh. Toisc go ndéantar cumas oidí chun Gaeilge a mhúineadh i suíomh seomra ranga príomhshrutha a thástáil anois mar chuid den ghnás measúnachta don triail inniúlachta agus don tréimhse oiriúnaithe araon, áfach, níl gá leis an Ráiteas a thuilleadh agus tá deireadh leis an gcleachtas ó 1 Meán Fómhair 2010 i leith. D'fhonn an SCG/OCG a chur i gcrích, beidh ar na hoidí uile cruthúnas a chur faoi bhráid an chomhordaitheora SCG/OCG in Institiúid Oideachais Marino ar fhreastal trí seachtaine i nGaeltacht aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

### 15. Cáilíochtaí oiliúna múinteoirí a fuarthas i dtíortha san Aontas Eorpach (AE)/Limistéar Eacnamaíochta Eorpach (LEE)

15.1. Faoi réir Threoracha Chomhairle na hEorpa ar Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla, a trasuíodh sa dlí ag na Rialacháin um Aitheantas um Cháilíochtaí Gairmiúla (Treoir 2005/36/EC) 2008 (I.R. Uimh. 139 de 2008), tá daoine a aithnítear do chúiseanna múinteoireachta i mballstát AE amháin i dteideal aitheantas a fháil ar na cáilíochtaí sin sna ballstáit eile ar fad. Is féidir aitheantas dá leithéid a bhronnadh faoi réir choinníollacha, go dtí go ndéantar cúiteamh ar easnamh ar bith a aithnítear. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás cumasach/ainmnithe in Éirinn chun iarratais a mheas d'fhonn a chinntiú go sásaíonn siad na critéir cháilíochta a leagtar síos i rialacháin chuí na Comhairle Múinteoireachta. I gcoitinne, ní mór d'oidí na coinníollacha eile ar fad a leagann an Chomhairle Mhúinteoireachta síos a shásamh sula dtugann siad aghaidh ar aon choinníollacha promhaidh a éilíonn an Chomhairle. Tá tuilleadh sonraí ar impleachtaí na Treorach thuas do Chlárúchán agus Cáilíochtaí Oidí leagtha amach in Imlitir 0031/2010.

15.2. Ba chóir go gcuimseodh iarratais ar chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta fianaise ar phróisis fhoirmiúla phromhaidh/ionduchtaithe a rinneadh i ndlínse eile a chríochnú go sásúil, nuair a tharla seo. Is faoin gComhairle Mhúinteoireachta é a chinneadh cibé an leor an fhianaise a chuirtear ar fáil chun díolúine a cheadú ó riachtanais phromhaidh in Éirinn.

15.3. D’eisigh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra ar 19 Bealtaine 2010 ag rá le daoine a raibh sé i gceist acu cáilíocht oiliúna múinteoirí a thosú i mballstát AE/LEE eile ó 1 Eanáir 2011 ar aghaidh go gcaithfidh siad freisin aon tréimhse iarcháilíochta sa chleachtas gairmiúil (m.sh. M.N.C. nó bliain ionduchtaithe) a chomhlíonadh agus a bheith lán-aitheanta/lán-cháilithe ag údarás ainmnithe an bhallstáit sin faoi théarmaí Treorach 2005/36/EC sula n-éilítear clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Ní dhéanann an fógra seo ón gComhairle Mhúinteoireachta aon athrú ar na socruithe atá ann cheana dóibh siúd a chur tús le cáilíocht mhúinteoireachta lasmuigh d’Éirinn roimh 31 Nollaig 2010.

**TUILLEADH EOLAIS**

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

| | |
|---|---|
| **Fiosruithe maidir le:**<br>• Clárú oidí<br>• Iarratas a dhéanamh ar chlárú mar oide<br>• Clárú iomlán agus clárú coinníollach mar oide<br>• Riachtanais phromhaidh d'oidí bunscoile<br>• Na riachtanais seirbhíse agus gairmiúla a chomhlíonadh<br>• Incháilitheacht do dhíolúine í riachtanais phromhaidh mar thoradh ar chríochnú sásúil ar phróisis fhoirmiúla um phromhadh agus/nó ionduchtú thar lear<br>• Ráitis um sheasamh gairmiúil chun fostaíocht á lorg thar lear | **Teagmháil:**<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta<br>Bloc A<br>Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara<br>Fón: 01-651 7900<br>R-phost: info@teachingcouncil.ie<br>Gréasán: www.teachingcouncil.ie |
| **Fiosruithe maidir le:**<br>• Clár Ionduchtaithe Náisiúnta do Mhúinteoirí (NIPT) | **Teagmháil:**<br>Oifig an Chláir Ionduchtaithe Náisiúnta<br>Lóiste an Gheata<br>Coláiste Phádraig<br>Droim Conrach<br>Baile Átha Cliath 9<br>Gréasán: www.teacherinduction.ie<br>Comhordaitheoir: Mary Burke<br>R-phost: mary.burke@spd.dcu.ie<br>Fón: 01-884 2288<br>Fón póca: 086 8130997 |
| **Fiosruithe maidir le:**<br>• Iarratas ar chuairteanna cigireachta chun inniúlacht ghairmiúil a mheas<br>• Cuairteanna cigireachta d'inniúlacht ghairmiúil | **Teagmháil:**<br>Deasc Phromhadh Oidí<br>Ionad Oideachais Luimnigh<br>Teach Marshal<br>Ionad Parkway<br>Bóthar Thuar an Dhaill<br>Luimneach<br>Gréasán: www.lec.ie<br>R-phost: probation@lec.ie<br>Fón: 061-585060 folíne 4 |

**Lúnasa 2012**

# AGUISÍN A

## CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR SA CHIGIREACHT AR OBAIR OIDÍ DO CHÚISEANNA PROMHAIDH AGUS CLÁRÚCHÁIN

**Pleanáil, ullmhúchán agus dul chun cinn a chlárú**

- Leorgacht chlár ama an ranga ag tagairt don chreatlach ama seachtainiúil íosta a shainítear i gCuraclam na Bunscoile agus in Imlitir 0018/2012 (litearthacht agus uimhearthacht)
- Soiléire na gcuspóirí múinteoireachta, fadtéarma agus gearrthéarma araon
- Oiriúnacht na gcuspóirí: méid na tagartha do Churaclam na Bunscoile (agus aird chuí á thabhairt ar a bhunphrionsabail) agus Plean na Scoile
- Raon agus oiriúnacht na n-acmhainní
- Soláthar d'éagsúlachtaí i gcumais na ndaltaí
- Caighdeán agus éifeachtacht na dtaifead ar dhul chun cinn

**Bainistiú agus eagrú an tseomra ranga**

- Araíonacht agus iompraíocht mhaith a chothú
- Caidreamh comhbhách le daltai a chothú (lena n-áirítear moladh agus aiseolas dearfach a úsáid)
- Dea-chuma na timpeallachta ar an iomlán (leagan amach, caighdeán na dtaispeántas lena n-áirítear saothar na ndaltaí, ionaid spéise srl.)
- Inrochtaine agus úsáid na n-acmhainní
- Bainistiú ar thacaíocht CRS (mar is cuí)

**Caighdeán an teagaisc thar réimsí curaclaim**

- Éagsúlacht agus oiriúnacht na modhanna teagaisc, lena n-áirítear foghlaim ranga iomlán, grúpa nó aonair
- Obair a mheaitseáil le cumas na ndaltaí le tagairt ar leith do leibhéil aire agus do ghlacacht na ndaltaí
- Scileanna cumarsáide m.sh. ceistiú, míniú, freagairt, agus caighdeán an chaidrimh agus na n-idirghníomhaíochtaí idir oide agus daltaí agus daltaí lena chéile
- Gnásanna measúnachta, monatóireacht agus clárú ar an bhfoghlaim
- Struchtúr agus luas na gceachtanna
- Aird ar leanúnachas agus dul chun cinn

**Caighdeán fhoghlaim na ndaltaí i réimsí curaclaim**

- An méid ina bhfuil daltaí ar thasc agus ag obair le cuspóir
- Réimse agus oiriúnacht an ábhair a chlúdaítear
- Eolas na ndaltaí ar an ábhar, scileanna agus dearcthaí
- Caighdeán na dtorthaí foghlama, lena n-áirítear obair scríofa